

# Vacsaíní chun cosaint ar HPV, MenACWY agus Tdap

Eolas do thuismitheoirí agus do dhaltaí sa Chéad bhliain den mheánscoil

# Maidir leis an mbileog seo

Beidh na foirne vacsaínithe scoile FSS ag cur vacsaíní HPV, Tdap agus MenACWY ar fáil do gach dalta sa chéad bhliain - idir bhuachaillí agus chailíní. Ní mór do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí foirm ghearr a léamh, a shíniú agus a sheoladh ar ais chun a thaispeáint go n-aontaíonn siad go bhfaighidh a leanbh na vacsaíní seo. Tugtar "Foirm toilithe vacsaínithe do pháistí atá ag tosú sa chéad bhliain ar an meánscoil" ar an bhfoirm.

Sa bhileog seo, gheobhaidh tú eolas faoi na rudaí seo a leanas:

- na vacsaíní a chuirtear ar fáil do dhaltaí sa chéad bhliain – na rudaí a gcuireann siad cosaint ar fáil orthu agus na dáileoga a bhíonn de dhíth
- cuairteanna na bhfoirne vacsaínithe scoile
- ceisteanna coitianta
- cá háit ar féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil
- an fhoirm toilithe

Má bhíonn ceist agat faoi aon chuid den bhileog seo agus tú i do thuismitheoir nó i do dhalta, déan teagmháil le ball den fhoireann vacsaínithe. Tá uimhir fóin d'fhoirne áitiúla ar fáil sa phacáiste seo.

# Na vacsaíní a chuirimid ar fáil

Is substaint í vacsaín a chuireann imdhíonacht (cosaint) ar fáil i leith galar ar leith. Tá trí vacsaín á gcur ar fáil chun cosaint ar ghalair thógálacha.

Tugann **an vacsaín HPV** cosaint ar an víreas HPV a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hailse i measc cailíní agus buachaillí araon.

Tugann an **vacsaín MenACWY** cosaint ar cheithre chineál galair mheiningeacocúil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus/nó seipticéime (nimhiú fola).

**Vacsaín Tdap**, a thugann cosaint ar:

- theiteanas (tocsain teiteanais a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le freangaí matáin phianmhara agus le trithí)
- diftéire (baictéir a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le scornach thinn agus le mórdheacrachtaí análaithe) agus
- pertussis (baictéir ar a dtugtar triuch freisin agus atá ina gcúis le casachtach thromchúiseach agus le hurlacan)

**Vacsaín HPV: tugann sí cosaint ar ailse**

**Vacsaín MenACWY: tugann sí cosaint ar mheiningíteas**

**Tdap: cosnaíonn sé i gcoinne teiteanas, diftéire agus triuch**

# Cuairteanna na bhfoirne vacsaínithe scoile

Tabharfaidh foirne vacsaínithe scoile FSS cuairt ar scoileanna chun vacsaíní a thabhairt do scoláirí. Tugtar na vacsaíní seo a leanas:

- vacsaín HPV
- vacsaín Tdap
- vacsaín MenACWY

Tugtar an vacsaín HPV i lámh amháin agus tugtar vacsaíní Tdap agus MenACWY sa lámh eile le spás idir eatarthu.

# Na vacsaíní - tuilleadh sonraí faoi gach ceann acu

## Vacsaín 1

**Vacsaín HPV** – do chailíní **agus** do bhuachaillí

### Cad is HPV ann?

Is ionann HPV agus 'papalómaivíreas daonna', rud ar grúpa de bhreis is 100 víreas é. Tá an víreas HPV an-choitianta; tógfaidh an chuid is mó de dhaoine ionfhabhtú HPV de chineál éigin i rith a saoil. Féadann tú an víreas HPV a tholgadh trí bheith gníomhach go gnéasach le duine a bhfuil an víreas air nó uirthi cheana féin. Ní gá formhór ionfhabhtuithe HPV a chóireáil. É sin ráite, i gcás daoine áirithe, fanann an t-ionfhabhtú HPV ina gcorp agus bíonn sé ina chúis le hailse. Bíonn HPV ina chúis le faithní na mball giniúna chomh maith.

Tá ionfhabhtuithe an-choitianta i measc na mban agus na bhfear; tiocfaidh ionfhabhtú HPV ar níos mó ná 80% de dhaoine le linn a saoil.

Tugann an vacsaín HPV cosaint ar ailse cheirbheacs agus ar ailsí eile. Gardasil 9 is ainm don vacsaín HPV.

### Cén fáth a dtugtar an vacsaín HPV?

Molann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (CCNI) gur cheart do gach páiste idir 12 -13 bhliain d'aois (nach bhfuil vacsaín HPV faighte acu roimhe seo) an vacsaín HPV a fháil mar chuid den chlár vacsaínithe scoile ionas go bhfuil siad cosanta i gcoinne ailsí a tharlaíonn mar gheall ar HPV nuair is daoine fásta iad.

Deir NIAC go bhfuil nasc idir ionfhabhtú HPV agus ailse cheirbheacs, faighne agus pite i measc na mban agus ailse an chinn agus an mhuineál (cúl an scornach, lena n-áirítear bonn na teanga agus na dtonnaí) agus ailse anasach i bhfir agus mná, agus ailse phéinis i bhfir.

## Cé na tíortha ina dtugtar vacsaín HPV?

Tá clár vacsaín HPV bunaithe i mbreis is 140 tír anois, agus tá an vacsaín á tabhairt do gach buachaill agus cailín i mbreis is 50 de na tíortha sin. I measc na dtíortha sin, tá:

- An Astráil
- An Iodáil
- An Nua-Shéalainn
- An Iorua
- An Ríocht Aontaithe
- Na Stáit Aontaithe

Tá tuilleadh faisnéise maidir lena fheabhas atá éirithe leis na cláir sin ar fáil ar www.hpv.ie

**Tugtar an vacsaín HPV chun ailse a chosc in 3 thír as gach 4 thír ar fud an domhain.**



**Cuirtear an vacsaín HPV ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní araon sa chéad bhliain.**



## Cé na hailsí a bhféadfadh HPV a bheith ina chúis leo?

D'fhéadfadh an víreas HPV a bheith ina chúis le raon de loit réamhailseacha – cealla mínormálacha – i measc fear agus ban araon. Bíonn an víreas HPV ina chúis le:

- beagnach gach ailse cheirbheacs
- 5 ailse pite as gach 10 gcinn
- 7 n-ailse faighne as gach 10 gcinn
- 9 n-ailse tóna as gach 10 gcinn a bhaineann le HPV
- 9 gcás fhaithní na mball giniúna as gach 10.

Léirítear i dtaighde go bhfuil baint ag ionfhabhtú HPV leis na hailsí seo a leanas:

- tailse béil agus scornaí (béalfharaing)
- ailse an reictim
- ailse an phéinis

**Bíonn HPV ina chúis le hailse amháin as gach 20 ceann ar fud an domha**



**Tá an vacsaín HPV faighte ag níos mó ná 590,000 dalta in Éirinn agus ag 100 milliún duine ar fud an domhain**

## Cé mhéad dáileog den vacsaín HPV atá de dhíth?

Mhol CCNI nach dteastaíonn ach dáileog amháin den vacsaín HPV d'fhormhór na ndaoine tríd an gclár vacsaínithe scoile.

Moltar trí dháileog den vacsaín HPV do dhaoine a bhfuil imdhíon-lagaithe (a bhfuil córas imdhíonachta lag acu). Caithfear plé a dhéanamh ar seo le dochtúir do pháiste.

Is é an chéad bhliain sa mheánscoil an t-am is fearr chun an vacsaín a fháil, de bhrí go mbíonn an vacsaín níos éifeachtaí ag an aois seo ná ag aon aois eile.

# Vacsaín 2 Vacsaín MenACWY

## Céard is galar meiningeacocúil ann?

Is tinneas tromchúiseach é galar meiningeacocúil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus le seipticéime (nimhiú fola), agus d'fhéadfadh duine bás a fháil dá bharr. Tá roinnt cineálacha éagsúla baictéar meiningeacocúil ann, agus ba cheart go mbeadh vacsaín faighte cheana féin ag gach páiste nuair a bhí siad ina leanaí mar chosaint ar ghalar meiningeacocúil ghrúpa C.

Cuirfidh an vacsaín MenACWY leis an gcosaint i leith ghalar meiningeacocúil ghrúpa C. Cuirfidh sé cosaint bhreise ar fáil freisin i gcoinne grúpaí meiningeacocúil A, W agus Y. Ina theannta sin, laghdaíonn an vacsaín seo an baol go n-iomprófar an galar, ag cabhrú le daoine eile a chosaint dá réir. Nimenrix is ainm don vacsaín MenACWY.

Ní sholáthraíonn an vacsaín sin cosaint ar gach grúpa baictéar meiningeacocúil, e.g. grúpa B, nó baictéir eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le meiningíteas. Mar sin, tá sé tábhachtach go dtuigeann tú na siomptóim ar cheart súil a choinneáil amach dóibh agus go lorgóidh tú cóir leighis má thagann siad ort.

D'fhéadfadh galar meiningeacocúil teacht ar dhuine go han-tapa ar fad. Ar na hairíonna a bhaineann leis, tá abhras, muineál righin, tinneas cinn, pianta sna hailt, agus gríos. D'fhéadfadh galar meiningeacocúil teacht ar dhuine ag aois ar bith, ach tá ráta is airde an ghalair le fáil i measc páistí atá níos óige ná cúig bliana d'aois, go háirithe páistí atá níos óige ná aon bhliain d'aois. Is é an chéad ghrúpa eile atá go mór i mbaol ná daoine óga atá cúig bliana déag go naoi mbliana déag d'aois.

## Cé mhéad dáileog den vacsaín MenACWY atá de dhíth?

Ní theastaíonn ach dáileog amháin de vacsaín MenACWY chun cosaint a fháil.

# Vacsaín 3

# Vacsaín Tdap

## Céard is Tdap ann?

Seasann Tdap do theiteanas, diftéire agus pertussis (an triuch).

Tugann an vacsaín seo cosaint ar bhaictéir agus tocsainí díobhálacha. Tugtar Boostrix ar an vacsaín Tdap.

D'fhéadfadh teiteanas a bheith ina chúis le freangaí pianmhara matán, trithí agus glas géill (deacracht le do bhéal a oscailt mar gheall ar fhreangaí matán), a chruthaíonn deacrachtaí anála agus bás.

Is galar tromchúiseach é diftéire a thosaíonn de ghnáth le scornach thinn agus a d'fhéadfadh forbairt go sciobtha chun deacrachtaí anála a chruthú. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don chroí agus don néarchóras freisin.

Is galar é pertussis (an triuch) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tréimhsí fada casachta, tachta agus urlacain ina bhfuil sé deacair anáil a tharraingt. Tá ionfhabhtú an treacha ag scaipeadh san Eoraip agus i dtíortha eile ag leibhéil níos airde le déanaí. Is é an vacsaíniú an chosaint is fearr.

Is galair thromchúiseacha iad na hionfhabhtuithe sin go léir, agus d'fheadfadh go mbeadh ar do pháiste fanacht san ospidéal mar thoradh orthu. Ar an gceann is measa, d'fhéadfadh na fadhbanna sin a bheith ina gcúis báis.

### Cé mhéad dáileog den vacsaín i leith na diftéire, an teiteanais agus an treacha atá de dhíth chun cosaint iomlán a sholáthar?

Faoin am a mbeidh leanaí sé bliana d'aois, ba cheart go mbeadh ceithre dháileog den vacsaín i gcoinne an teiteanais, na diftéire agus an treacha faighte acu - is é sin:

- 3 dháileog mar leanbh
- teanndáileog agus iad sna Naíonáin Shóisearacha

**Beidh an cúrsa críochnaithe nuair a bheidh cúig dháileog faighte agat**



Laghdaítear an imdhíonacht i leith na ngalar sin de réir a chéile, mar sin moltar teanndáileog a fháil chun cosaint bhreise a chur ar fáil. Is éard atá i gceist le teanndáileog ná dáileog fhorlíontach sa bhreis. Is í seo an cúigiú dáileog agus an dáileog dheireanach, agus tabharfaidh sí cosaint fhadtréimhseach dóibh.

# Ceisteanna coitianta

### An féidir le dalta fanacht go dtí go mbeidh sé nó sí níos sine sula bhfaighidh sé nó sí vacsaíní HPV, MenACWY nó Tdap?

Cuireann an clár scoile FSS vacsaíní HPV, MenACWY agus Tdap ar fáil do dhaltaí sa chéad bhliain ar an meánscoil. Má dhéanann tú an cinneadh fanacht go dtí go mbeidh do pháiste níos sine chun an vacsaín a fháil, beidh ar do pháiste dul go dtí dochtúir ginearálta agus beidh ort íoc as an táille riaracháin agus as na vacsaíní.

### An bhfaighidh mé taifead ar na vacsaíní a tugadh?

Gheobhaidh. Ar lá an vacsaínithe, déanfaidh an fhoireann vacsaínithe scoile na pasanna imdhíonta a uasdátú. Mura bhfuil pas imdhíonta agat, tabharfaidh ball den fhoireann imdhíonta ceann duit i ndiaidh an vacsaínithe.

### Conas is féidir le daltaí ullmhú do lá an vacsaínithe?

Ar lá an vacsaínithe, ba cheart do dhaltaí:

- Bricfeasta a ithe
- Barréide ghearrmhuinchilleach scaoilte a chaitheam

### Conas atá a fhios againn go bhfuil vacsaíní sábháilte?

Tá na vacsaíní a sholáthraítear sa chlár imdhíonta scoile sábháilte agus tá sé cruthaithe go sábhálann siad beatha daoine agus go gcuireann siad cosc ar thinneas tromchúiseach. Déanann comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireacht agus athbhreithniú ceart ar vacsaíní go minic, comhlachtaí lena n-áirítear:

- an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
- an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach
- na hIonaid um Ghalair a Chosc agus a Rialú sna Stáit Aontaithe

Tá tuairisciú leanúnach á thabhairt ag na comhlachtaí idirnáisiúnta ar fad go bhfuil na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn sábháilte agus nach bhfuil siad ina gcúis le haon fho-iarmhairt aitheanta fhadtéarmach.

### An mbíonn fo-iarmhairtí gearrthéarmacha ag baint leis na vacsaíní?

Ní bhíonn fadhb ar bith ag an gcuid is mó de dhaltaí tar éis vacsaíní. Bíonn an craiceann pianmhar, ata agus dearg ar dhaltaí áirithe sa lámh ina dtugtar an t-instealladh. D’fhéadfadh tinneas cinn, tinneas boilg nó beagán abhrais teacht ar dhaltaí áirithe. Níor cheart a bheith buartha faoi seo mar is gnách go n-imíonn sé tar éis lá nó dhó.

### An mbíonn fo-iarmhairtí fadtéarmacha ag baint leis na vacsaíní?

Níl aon fho-iarmhairt fhadtéarmach tuairiscithe.

## Cá háit ar féidir leat tuilleadh eolais a fháil

Má bhíonn aon cheist agat, déan iad a phlé le ball de d’fhoireann imdhíonta scoile FSS, le d’altra sláinte poiblí nó le do dhochtúir teaghlaigh. Is féidir leat sonraí teagmhála na foirne imdhíonta a fháil sa phacáiste seo.

Is féidir leat cuairt a thabhairt freisin ar www.hpv.ie agus www.immunisation.ie le haghaidh físeáin agus fíricí faoi na vacsaíní. Molaimid duit “Fíricí faoi Vacsaíní do dhaltaí atá ag tosú ar an meánscoil” a léamh ar ár suíomh gréasáin.

Chomh maith leis sin, gheobhaidh tú naisc leis na bileoga eolais d’othair le haghaidh na vacsaíní ag www.hpra.ie. Cuardaigh Gardasil 9 (HPV), Nimenrix (MenACWY) nó Boostrix (Tdap) chun an bhileog eolais chuí d’othair a léamh.

## Fo-iarmhairtí a thuairisciú

Más dóigh leat go bhfuil fo-iarmhairt ortsa nó ar do leanbh i ndiaidh vacsaín a fháil, is féidir leat é sin a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ag www.hpra.ie. Is féidir le do dhochtúir, d’altra, nó do phoitigéir nó le ball clainne an fho-iarmhairt a thuairisciú don ÚRTS freisin.

### An fhoirm toilithe do vacsaíní

Ní mór duit an fhoirm toilithe sa phacáiste seo a shíniú agus í a sheoladh ar ais chuig an scoil chun a chinntiú go bhfaighidh do pháiste na vacsaíní ar scoil. Má tá scolaíocht bhaile á cur ar do pháiste nó má na vacsaíní á bhfáil acu i gclinic pobail, seol an fhoirm thoilithe chuig foireann vacsaínithe FSS.



Arna fhoilsiú ag Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS, Mean Fómhair 2025.